## An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil 2015

## Oifigigh Phoiblí Shainithe – An Roinn Cosanta

Cuireadh tús leis an Rialachán um Brústocaireacht a Rialáil 2015 an 1ú Meán Fómhair 2015. Déantar foráil san Acht go mbunóidh an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí Clár ar líne de ghníomhaíocht stocaireachta - www.lobbying.ie agus go ndéanfaidh sé cothabháil air. Is é cuspóir an Chláir eolas a chur ar fáil don phobal maidir le haitheantas daoine a bhfuil cumarsáid acu le hoifigigh phoiblí ainmnithe maidir le beartas ar leith, cúrsaí reachtaíochta agus cinntí ionchasacha. Ní mór do bhrústocairí tuairisc a thabhairt ar a gcuid idirghníomhaíochtaí le hOifigigh Phoiblí Ainmnithe. Éilítear le hAlt 6(4) den Acht ar gach comhlacht poiblí liosta d'oifigigh phoiblí ainmnithe laistigh dá gcuid comhlachtaí a fhoilsiú. Tá dhá chuspóir leis an liosta:

1. Deis a thabhairt don phobal na daoine sin ar oifigigh phoiblí ainmnithe iad a aithint; agus
2. É a bheith mar acmhainn ag brústocairí a dteastódh sonraí an oifigigh phoiblí ainmnithe uathu agus iad ag comhdú tuairisceáin chuig an gClár.

Is iad seo a leanas Oifigigh Phoiblí Ainmnithe na Roinne Cosanta faoin reachtaíocht seo:

| **Ainm** | **Eagraíocht** | **Teideal Poist/Grád** | **Ról (Róil) nó réimse (réimsí) freagrachta** |
|---|---|---|---|
| Leo Varadkar, TD | An Roinn Cosanta | An Taoiseach agus Aire Cosanta | An Taoiseach |
| Paul Kehoe, TD | An Roinn Cosanta | Aire Stáit sa Roinn Cosanta a bhfuil freagracht speisialta air maidir le Cosaint | Aire Stáit |
| John Coughlan | An Roinn Cosanta | Comhairleoir ag an Aire Stáit Paul Kehoe | Comhairleoir |
| Clare Mungovan | An Roinn Cosanta | Comhairleoir ag an Aire Stáit Paul Kehoe | Comhairleoir |
| Maurice Quinn | An Roinn Cosanta | Ard-Rúnaí | Freagracht fhoriomlán i ndáil le gach réimse den Roinn |
| Des Dowling | An Roinn Cosanta | Rúnaí Cúnta | Freagrach do:<br>An Brainse Conarthaí<br>An Brainse Airgeadais |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | (Iniúchadh Inmheánach)<br>Acmhainní Daonna<br>Teicneolaíochtaí Faisnéise & Cumarsáide<br>Pleanáil & Eagrúchán<br>Oifig Tionscadail an Pháipéir Bháin |
| Ciaran Murphy | An Roinn Cosanta | Rúnaí Cúnta | Freagrach do:<br>Oifig na Bruiséile<br>Beartas Cosanta & Slándála Idirnáisiúnta<br>An Brainse Reachtaíochta |
| Robert Mooney | An Roinn Cosanta | Rúnaí Cúnta | Freagrach do:<br>Comhréiteach & Eadráin<br>Brainse Bheartas Pearsanra Óglaigh na hÉireann<br>Brainse Bheartas Seirbhísí Tacaíochta Óglaigh na hÉireann<br>An Brainse Dlíthíochta |
| Clare Tiernan | An Roinn Cosanta | Stiúrthóir | Freagrach do:<br>Brainse na Cosanta Sibhialta<br>An Brainse Feidhmiúcháin<br>An Oifig um Pleanáil Éigeandála<br>Brainse na Bainistíochta Maoine |